

Cad atá i gceist le Sprioc 4: Oideachas ar Ardchaighdeán do chách?

Stór Focal		
Focal	Cad is brí leis	Focail atá cosúil leis
Cuspóir	rud a bhfuil tú dírithe air; rud a chuireann tú romhat; aidhm	mian, aidhm
Oideachas ar ardchaighdeán	Oideachas a chuidíonn leis an bhfoghlaimoir é nó í féin a chothú, páirt a ghlacadh sa tsochaí agus bearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar an domhan seo	Eispéireas foghlama den scoth
Cearta an duine	Saoirsí bunúsacha a bhíonn ag gach duine ó bhreith go bás (e.g. an ceart áit chónaí shábháilte a lorg)	Saoirsí

Tá sé ina **chuspóir** leis na 17 Sprioc Dhomhanda go mbeidh an domhan seo ina áit níos fearr faoin mbliain 2030. Is éard atá i gceist le Sprioc Dhomhanda 4: **Oideachas ar Ardchaighdeán**, ná féachaint chuige go gcuirfear oideachas maith ar gach duine. Mar gheall ar Sprioc Dhomhanda 4, is mó an méid páistí ná riamh atá ag freastal ar an mbunscoil! Mar sin féin, tá a lán oibre le déanamh chun a chinntiú go bhfaighidh siad *oideachas* ar *ardchaighdeán*.

Is féidir leis an iomaí rud dul i bhfeidhm ar ár gcuid foghlama. Mura bhfuil dóthain seomraí i scoil, beidh an iomarca páistí sna ranganna, rud a fhágfaidh go mbeidh sé deacair ar mhúinteoirí aird a thabhairt ar gach páiste.

Uaireanta, seans nach mbeadh na rudaí seo a leanas ag scoileanna:



leictreachas



uisce óil



a ndóthain leithreas



a ndóthain leabhar



ríomhairí

Samhlaigh cé chomh deacair a bheadh sé a dhéanamh amach cad atá á scríobh ag do mhúinteoir ar an gclár ar lá dorcha báistí in Éirinn, nó gan teacht a bheith agat ar dheoch uisce i rith an lae. Agus uaireanta, d'fhéadfadh na heasnaimh sin go léir a bheith ar scoil, rud a fhágann an fhoghlaim *an-deacair*.

Cad atá i gceist le Sprioc 4: Oideachas ar Ardchaighdeán do chách?

Bíonn Cúnamh Éireann, clár Rialtas Éireann maidir le comhar thar lear, ag obair i dtreo Sprioc 4 trí thacú le hoideachas a chur ar pháistí ar bhealaí éagsúla: Toisc gur mó an seans go gcoinneofar cailíní sa bhaile ón scoil nó go bhfágfaidh siad an scoil ró-luath, bíonn Cúnamh Éireann ag díriú ar thacaíocht a thabhairt do chailíní chun fanacht níos faide ar scoil. Cabhraíonn sé sin leis na pobail ina gcónaíonn siad.

TACAÍONN CÚNAMH ÉIREANN LE HOIDEACHAS AR ARDCHAIGHDEÁN MAR SEO A LEANAS:

- Maoiniú (airgead) a thabhairt chun tacú le rudaí ar nós oiliúint a chur ar mhúinteoirí, táillí nó éide scoile do pháistí, agus cláir oideachais.
- Líon na bpáistí sna ranganna a laghdú, sa chaoi is nach gcaithfidh múinteoir amháin freastal ar an oiread páistí
- Féachaint chuige go mbeidh fáil ag níos mó páistí ar leabhair agus ar ábhair fhoghlama eile
- Scoileanna a thógáil i gceantair iargúlta ionas nach mbeidh turas fada le déanamh ag páistí chun na scoile agus ar ais abhaile

Déantar an méid sin go léir mar, ach fáil a bheith ag níos mó daoine óga ar oideachas ardchaighdeáin, is fearr an seans a bheidh acu sa saol; is féidir leo poist níos fearr a fháil agus a ndóthain airgid a thuilleamh chun aire a thabhairt dóibh féin agus dá dteaghlach; beidh na scileanna acu chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí chun an domhan seo a dhéanamh níos fearr. Creideann go leor daoine gurb é oideachas ar ardchaighdeán an rud is tábhachtaí a bhféadfaí díriú air chun na 17 Sprioc Dhomhanda a bhaint amach.



Caith seal beag ag machnamh faoin smaoineamh gurb é an t-oideachas an t-arm nó an uirlis is tábhachtaí dá bhfuil againn chun an domhan seo a athrú. Cén fáth, dar leat, ar cheap Nelson Mandela (1918-2013), an chéad duine den chine gorm a bhí ina Uachtarán ar an Afraic Theas agus gníomhaí cáiliúil ar son chearta an duine, go raibh an t-oideachas chomh tábhachtach sin? Scríobh do bharúil thíos (abairt nó dhó).

Foinse: <http://inspirationalquotes.gallery/education-is-the-most-powerful-weapon-which-you-can-use-to-change-the-world/>
